CEACHT 28

TARBH SA PHÁIRC



Pictiúr: Radharc:

Micheál agus Seán ag fiach coiníní sa pháirc, an madra, ba ar féarach; tarbh, adharca le feiceáil air, an tarbh ag déanamh ar na buachaillí agus a eireaball in airde san aer aige, na buachaillí a thaispeáint in airde ar an gcrann. Reics agus é ag cur an ruaig ar an tarbh.

Céim 4: Coileach, muc, cat.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí na buachaillí ag fiach coiníní lá. Bhí Reics in éineacht leo. Isteach leo i bpáirc. Chonaic siad ba ar féarach (ag ithe féir).

Agallamh

MICHEÁL: Tá súil agam nach bhfuil tarbh anseo.
SEÁN: Tá adharca fada ar an gceann sin i lár na páirce.

Cuntas Reatha

Leis sin chuala siad an tarbh ag búireach. Thosaigh an bheirt ag crith le heagla.

Agallamh

SEÁN: Go bhfóire Dia orainn. Seo chugainn an tarbh!
MICHEÁL: Maróidh sé sinn. Rith leat!

Cuntas Reatha

In airde leo ar chrann. Ghlaoigh siad ar Reics. Chuir seisean an ruaig ar an tarbh.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Bhí na buachaillí ag imirt peile?
Agus céard faoi Reics?
Cad a tharla ansin?
Agus cad a chonaic siad?

Tá rud éigin le rá agatsa faoin tarbh, a "Mhichíl"?
Céard faoi na hadharca sin, a "Sheáin"?

Chuala siad rud éigin?
Bhí eagla ar na buachaillí?

Abair paidir, a "Sheáin". Céard atá ag teacht?
Cad a dhéanfaidh sé, a "Mhichíl"? Abair leis rith.

Cá ndeachaigh siad?
Agus ansin?
Cad a rinne Reics?